# Litir maidir le Cearta do dhaoine coinnithe i leith cionta bainteach le Sceimhlitheoireacht

Tugann an bhileog seo eolas tábhachtach duit i dtaca le do chearta faoin dlí in Albain agus faoin Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus tú i gcoimeád i stáisiún póilíní. Tugann an bhileog seo eolas duit faoi do phríomh-chearta ar choinneáil. Ní comhairle dhlíthiúil í agus níl eolas inti faoi do chearta uile. Ba cheart duit do chomhairle dhlíthiúil neamhspleách féin a fháil.

Léigh an t-eolas seo a luaithe agus is féidir leat le do thoil. Cuideoidh sé leat cinntí a dhéanamh agus tú i stáisiún na bpóilíní. Iarr ar na póilíní aon ní nach dtuigeann tú sa bhileog seo a mhíniú duit.

## Bíodh do chearta ar eolas agat:

1. **Tá an ceart agat an chúis a bhfuil na póilíní do do choimeád a bheith ar eolas agat.**
2. **Tá an ceart agat a gceapann na póilíní a rinne tú a bheith ar eolas agat.**
3. **Tá an ceart agat go ndéarfaí le dlíodóir go bhfuiltear do do choinneáil sa stáisiún póilíní seo. Tá sé seo saor in aisce.**
4. **Tá an ceart agat go ndéarfaí le duine éigin eile go bhfuiltear do do choinneáil sa stáisiún póilíní. Cuir i gcás, ball de do theaghlach, cúramóir nó cara.**
5. **Tá an ceart agat fanacht i do thost. Ní gá duit aon cheist a chuireann na póilíní ort a fhreagairt. ACH, ní mór duit d'ainm, do sheoladh, do dháta breithe, agus an áit ar rugadh tú mar aon le do náisiúntacht a chur in iúl dóibh.**
6. **Tá an ceart agat labhairt le dlíodóir faoi phríobháid gan mhoill sula gceisteoidh na póilíní tú. Tig leat labhairt le dlíodóir tráth ar bith eile, freisin, agus na póilíní do do cheistiú.**
7. **Má tá tú faoi bhun 16 bliana d'aois, nó faoi bhun 18 mbliana d'aois agus faoi réir ceanglais mhaoirseachta, tá an ceart agat freisin go dtabharfadh do thuismitheoir nó do chaomhnóir cuairt ort i stáisiún na bpóilíní.**
8. **Tá an ceart agat cóir leighis práinneach a fháil.**

© Crown copyright 2018
ISBN: 978-1-78851-785-0

APS Group Scotland
PPDAS297786 (04/18)

Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
gov.scot

# Do chearta

Tabhair faoi deara: I gcásanna eisceachtúla, tá an ceart ag na póilíní moill a chur ar an rochtain a bheadh agat ar chuid de na cearta sin nó í a choinneáil siar uait. Cuir i gcás, más dóigh leis na póilíní go gcaithfidh siad labhairt leatsa d'fhonn gortú do dhuine eile a chosc. **Níl do cheart maidir le fanacht i do thost i gceist anseo.**

## 1. Eolas do dhaoine atá i gcoimeád na bpóilíní

- **An ceart tosta**

  Ní gá duit aon cheist a chuireann na póilíní ort a fhreagairt maidir leis a gceapann siad a rinne tú.

  Rud ar bith a déarfaidh tú, breacfar síos é nó déanfar a thaifeadadh agus féadfar a úsáid mar fhianaise i dtriail, sa chás go dtabharfaí do chás chun cúirte.

  Ní mór duit d'ainm, do sheoladh, do dháta breithe, an áit ar rugadh tú agus do náisiúntacht a insint do na póilíní nuair a fhiafraíonn siad díot iad.

- **Ag insint do dhlíodóir go bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní**

  Tig leat a iarraidh ar na póilíní a insint do dhlíodóir go bhfuiltear do do choinneáil i stáisiún na bpóilíní. Tig do dhlíodóir féin a bheith i gceist nó, sa chás nach bhfuil dlíodóir ar d'aithne agat, an dlíodóir ar glao-dhualgas. Socróidh na póilíní go ndéanfar teagmháil le dlíodóir a luaithe agus is féidir. Tá sé seo saor in aisce.

- **Ag insint do dhuine éigin eile go bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní**

  Tig leat a iarraidh ar na póilíní a insint do dhuine éigin eile go bhfuiltear do do choinneáil i stáisiún na bpóilíní. D’fhéadfaí ball de do theaghlach, do pháirtí, do chúramóir, do chara nó duine eile a bhfuil aithne agat air/uirthi a bheith i gceist. Déanfaidh siad teagmháil le duine éigin ar do shon a luaithe agus is féidir.

### Má tá tú faoi bhun 16 bliana d'aois (nó faoi bhun 18 mbliana d'aois agus faoi réir ceanglais mhaoirseachta):

- Ní mór do na póilíní iarracht a dhéanamh do thuismitheoir nó do chaomhnóir a chur ar an eolas go bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní.
- Tig le do thuismitheoir nó do chaomhnóir teacht chuig stáisiún na bpóilíní agus tacaíocht a thabhairt duit.

- **Ateangaire a fháil chun cuidiú leat**

  Sa chás nach labhraínn tú nó nach dtuigeann tú Béarla, socróidh na póilíní go gcuideoidh duine eile a labhraíonn do theanga féin (ateangaire) leat. Tá sé seo saor in aisce. Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann tú a mbíonn á rá i stáisiún na bpóilíní.

  Sa chás go bhfuil tú bodhar nó go bhfuil deacrachtaí agat cumarsáid shoiléir a dhéanamh, socróidh na póilíní go dtabharfaidh duine éigin cabhair duit. D'fhéadfadh go mbeidh ateangaire BSL nó duine gairmiúil cuí eile i gceist. Tá sé seo saor in aisce.

- **Sa chás nach Briotanach tú**

  Sa chás nach Briotanach tú, tig leat a iarraidh ar na póilíní teagmháil a dhéanamh le d'Ard-Choimisiún, le d'Ambasáid nó le do Chonsalacht, agus a insint dóibh an áit ina bhfuil tú agus cén fáth a bhfuil tú i stáisiún na bpóilíní. Tig leo cuairt a thabhairt ort faoi phríobháid freisin agus a shocrú go dtabharfaidh dlíodóir cuairt ort.

- **Cad a tharlaíonn má chúisítear tú nó go dtugtar i gcoimeád tú ar bharántas?**

  Sa chás go gcúisítear i gcion tú, tharlódh go scaoilfí saor ó choimeád tú nó go gcoimeádfar i stáisiún na bpóilíní tú agus go dtabharfar tú chun cúirte an chéad lá oibre eile. Nó d'fhéadfaí go scaoilfidh saor tú má aontaíonn tú le dul chun cúirte ar dháta socraithe.

- **Rochtain ar cháipéisí**

  Tabharfar nóta fianaise sa chás duit nó do do dhlíodóir má théann do chás chun cúirte. Tabharfaidh sé sin deis do do dhlíodóir do chosaint a chur le chéile.

  Tá an ceart agat aistriúchán ar an eolas cuí a fháil sa chás nach dtuigeann tú Béarla.

- **Sa chás go bhfuil tú tinn nó gortaithe**

  Cuirfidh na póilíní ceisteanna ort maidir le do shláinte agus d'fholláine. D'fhéadfaí go n-iarrfaidh na póilíní ar lia-chleachtóir tú a chur faoi scrúdú. Tá sé seo chun cuidiú cinntigh go dtabharfar cúram ceart duit agus tú i gcoimeád. Má bhraitheann tú gur gá duit lia-chleachtóir a fheiceáil, inis do na póilíní é. Sa chás go n-éiríonn tú tinn, cuirfear cúnamh liachta ar fáil duit.

- **Bia agus Deoch**

  Tabharfar uisce duit má iarrann tú é. Tairgfear bia duit sa chás go mbíonn tú i gcoimeád ar feadh tréimhse níos faide ná ceithre huaire. Má tá aon riachtanais chothaithe nó chreidimh acu inis do na póilíní é a luaithe agus is féidir.

**Má bhíonn tacaíocht bhreise de dhíth ort (tabhair faoi deara le do thoil gur eolas faoi sheirbhís é seo agus nach ceart atá ann):**

Seans go mbeadh cúnamh de dhíth ort a mbíonn ag tarlú agus tú i stáisiún na bpóilíní a thuiscint. Féadfaidh duine ar a dtugtar Duine Fásta Cuí an cúnamh sin a chur ar fáil duit. Seans go mbainfeadh sé seo leatsa má tá mí-eagar meabhrach nó míchumas foghlama ort. **Labhair leis na póilíní más dóigh leat go bhfuil an cineál seo cúnaimh de dhíth ort.**

Más dóigh leis na póilíní go bhfuil tacaíocht de dhíth ort ó Dhuine Fásta Cuí, iarrfaidh siad ar dhuine den chineál sin a bheith i láthair, sa chás nár iarr tú a leithéid fiú.

## 2. Eolas do dhaoine a mbeidh na póilíní á gceistiú

- **Dlíodóir a fháil chun cuidiú leat**
    - Inis do na póilíní é más mian leat labhairt le dlíodóir. Déanfaidh na póilíní teagmháil le dlíodóir ar do shon a luaithe agus is féidir.
    - Inseoidh an dlíodóir duit cibé an féidir leis/léi comhairle a chur ort saor in aisce nó an mbeidh ort íoc as an gcomhairle sin. Sa chás go mbeidh ort íoc as an gcomhairle, míneoidh sé/sí duit costas na comhairle agus an chaoi a n-íocfaidh tú aisti. Ní íocfaidh na póilíní as do dhlíodóir nó ní labhróidh siad faoi conas a íoctar do dhlíodóir.
    - Ní cheadaítear do na póilíní, de ghnáth, ceisteanna a chur ort gan dlíodóir má iarr tú go mbeadh an dlíodóir sa seomra leat.
    - Uaireanta, tá gá práinneach ag na póilíní ceisteanna a chur ort sula labhraíonn tú le dlíodóir.
    - Ní hionann labhairt le dlíodóir agus a thabhairt le fios go bhfuil rud éigin as bealach déanta agat.
    - Tig leat d'intinn a athrú maidir le labhairt le dlíodóir ag am ar bith. Inis do na póilíní a luaithe agus is féidir é agus déanfaidh siad teagmháil le dlíodóir ar do shon.
    - Is é ról an dlíodóra ná do chearta a cosaint agus comhairle a chur ort maidir leis an dlí.
    - Tig leat labhairt le dlíodóir ar d'aithne nó leis an dlíodóir ar glao-dhualgas. Is duine neamhspleách é/í an dlíodóir agus ní oibríonn sé/sí do na póilíní.
    - Má thugann oifigeach sinsearach póilíneachta cead, d’fhéadfaí go mbeidh cigire éidithe i láthair le linn comhairliúcháin le do dhlíodóir.
    - Tá tú i dteideal comhrá a bheith agat le dlíodóir faoi phríobháid.
    - Tig leat a iarraidh go mbeadh an dlíodóir sa seomra leat agus na póilíní do do cheistiú.
    - Sa chás nach dtagann an dlíodóir chun stáisiún na bpóilíní mar a dúirt siad, nó gur mian leat labhairt le dlíodóir arís, iarr ar an póilíní teagmháil a dhéanamh leis/léi arís.

- **Cén fad ama is féidir tú a choinneáil i gcomhair ceistiúcháin?**

  Tig leis na póilíní tú a choinneáil i gcomhair ceistiúcháin ar feadh a oiread le 48 uair an chloig, gan tú a chúiseamh i gcion. Ó am go chéile tá ar oifigeach sinsearach póilíneachta do chás a fhiosrú chun féachaint an ceart tú a choimeád faoi choinneáil.  Tugtar athbhreithniú air seo. Is féidir tú a choinneáil ar feadh níos mó ná 48 uair ach amháin má cheadaíonn cúirt é. Is féidir leis an gcúirt an tréimhse coinneála gan aon chúis a fhadú ar uasmhéid 14 lá ó lá do ghabhála. Sna cúinsí seo, ní mór do dtugtar seo a leanas duit:

- Cáipéis scríofa go bhfuil an t-iarratas déanta chun do choinneáil a fhadú;
- An t-am ar a ndearnadh an t-iarratas;
- An t-am a bhfuil an t-iarratas le héisteacht i gcúirt agus
- Na cúis(eanna) ar a n-iarrtar coinneáil fhadaithe.

Ní mór go soláthraítear fógra duit (agus do d’ionadaí dlíthiúil) gach uair a ndéantar iarratas do choinneáil a fhadú nó a fhadú arís.

Tá an ceart agat agus ag do dhlíodóir do thuairim a chur in iúl i dtaca leis an gcinneadh sin, ach amháin sa chás nach bhfuil tú i riocht chuí. Tig le dlíodóir tú comhairle a chur ort faoi seo.

# Cuairteoirí Neamhspleácha Coimeádta

Tá baill den phobail ann  lena gceadaítear rochtain ar stáisiúin na bpóilíní. Tugtar Cuairteoirí Neamhspleácha Coimeádta orthu agus oibríonn siad ar bhun deonach chun cinntigh go gcaitear le daoine faoi choinneáil mar ba chóir agus go bhfuil rochtain acu ar a gcearta.

Níl ceart agat cuairteoir neamhspleách coimeádta a fheiceáil nó a iarraidh orthu cuairt a thabhairt ort ach d’fhéadfaí go n-iarrfaidh cuairteoir tú a fheiceáil. Má thugann cuairteoir neamhspleách coimeádta cuairt ort le linn duit a bheith faoi choimeád, beidh sé/sí ag gníomhú go neamhspleách ó na póilíní chun seiceáil go ndearnadh do leas agus cearta a chosaint. Is é do rogha féin más mian leat labhairt leo.